Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5555/26**

**CDR 10**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Sualainne, de Choiste na Réigiún - Glacadh |

1. I litir dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Elisabet LANN, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh í.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 15206/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Elisabet LANN, mhol Rialtas na Sualainne[2] Nike ÖRBRINK, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, '*Ledamot i kommunfullmäktige, Stockholms kommun'* (Comhalta den chomhairle barbais, barbas Stócólm), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 5558/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 16536/25.